# Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe (CTCC)

## Amlíne agus próiseas

### CAD Í CTCC?

Is cáin nua í CTCC atá dírithe ar sholáthar tithíochta a mhéadú trí thailte forbartha cónaithe seirbhísithe, criosaithe (lena n-áirítear tailte úsáide measctha) a ghníomhachtú. Teastaíonn 33,000 teach a bheith tógtha in aghaidh na bliana ar an meán in Éirinn. Meastar nach bhfuil ach aon séú de thalamh chriosaithe chónaithe i ngníomh le haghaidh tithíochta le linn Plean Forbartha sé bliana de chuid údarás áitiúil. Cé gur féidir tithe agus gairdíní a aithint ar léarscáileanna na n-údarás áitiúil mar thithe atá ar thailte a bheidh faoi réir na cánach, ní bheidh ionaid chónaithe agus gairdíní faoi dhliteanas cánach.

Beidh an cháin i bhfeidhm ó 2024 ag 3% de luach margaidh na talún. Tá an cháin á tabhairt isteach mar chuid de Tithíocht do Chách, plean tithíochta an Rialtais go dtí 2030.

### 1 Samhain 2022 — Dréachtléarscáileanna

Foilseoidh údaráis áitiúla Dréachtléarscáileanna lena dtaispeántar na tailte a bheidh faoi réir CTCC

### 1 Eanáir 2023 — Spriocdháta na hAighneachta

Spriocdháta do (1) úinéirí talún agus daoine eile chun aighneacht a dhéanamh chuig an údarás áitiúil maidir le cuimsiú/eisiamh a gcuid tailte ón Dréachtléarscáil, nó (2) úinéirí talún chun athrú criosaithe talún a iarraidh

### 1 Aibreán 2023 — Cinntí maidir leis na Dréachtléarscáileanna

Spriocdháta d'údaráis áitiúla chun úinéirí talún a chur ar an eolas faoi chinntí ar iarrataí maidir le heisiamh talún/tailte ón CTCC. Tá go dtí an 01 Bealtaine 2023 ag úinéirí talún chun achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála maidir leis na cinntí sin.

### 1 Bealtaine 2023 — Léarscáileanna Forlíontacha

Spriocdháta d'údaráis áitiúla chun léarscáileanna a fhoilsiú ina bhfuil aon tailte breise ann a bheidh faoi réir CTCC.

### 1 Meitheamh 2023 — Spriocdháta na hAighneachta

Spriocdháta d'úinéirí talún chun aighneacht a dhéanamh chuig a n-údarás áitiúil maidir le cuimsiú/eisiamh a gcuid talún/tailte ón Léarscáil Fhorlíontach, nó chun athrú criosaithe talún a iarraidh.

### 1 Lúnasa 2023 — Cinntí maidir leis na Léarscáileanna Forlíontacha

Spriocdháta d'údaráis áitiúla chun úinéirí talún a chur ar an eolas faoi chinntí ar iarrataí maidir le heisiamh talún/tailte ón CTCC. Tá go dtí an 01 Meán Fómhair 2023 ag úinéirí talún chun achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála maidir leis na cinntí sin.

### 1 Nollag 2023 — Léarscáileanna Deiridh

Spriocdháta d'údaráis áitiúla chun Léarscáileanna Deiridh a fhoilsiú. Léireofar leo sin breisithe, eisiaimh, athruithe criosaithe ag éirí as aighneachtaí, cinntí agus achomhairc.

### 1 Feabhra 2024 — Cuirtear tús leis an gcáin

Tagann an Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe i bhfeidhm agus beidh úinéirí talún a sainaithníodh sa scóip sa Léarscáil Deiridh faoi dhliteanas CTCC.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland